Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9735/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0126 (BUD)**

**FIN 749**
**SOC 289**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 360 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh ar thionscnamh ón gCoimisiún (CED/2026/000 CT 2026 - Cúnamh teicniúil) |

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.5.2026
COM(2026) 360 final

2026/0126 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh ar thionscnamh ón gCoimisiún (CED/2026/000 CT 2026 - Cúnamh teicniúil)**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), leagtar síos iad i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1] (dá ngairtear Rialachán CED anseo feasta).

## ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| **Na príomhshonraí:** | |
|---|---|
| Uimhir thagartha CED | CED/2026/000 |
| An Coimisiún Eorpach | Cúnamh teicniúil |
| Caiteachas riaracháin: buiséad in EUR | 210 000 |
| % caiteachas riaracháin (uasteorainn: 1,5 %) | 0,60 % |

I gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán CED, féadfar uasmhéid 1,5 % d'uasmhéid bliantúil CED a chur ar fáil gach bliain le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

## Cúnamh teicniúil atá le cistiú agus miondealú na gcostas a mheastar a bheidh air

1. Úsáidfear an ranníocaíocht le haghaidh caiteachas a luaitear in Airteagal 11(1) agus (4) agus in Airteagal 12(2), (3) agus (4) de Rialachán CED, mar a shonraítear thíos. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach í a bhainistiú faoi bhainistíocht dhíreach.

| **Tuairisc** | **Caiteachas iomlán (arna leagan amach in EUR)** |
|---|---|
| Caiteachas riaracháin | 120 000 |
| Caiteachas teicniúil | 90 000 |
| **Caiteachas measta iomlán** | **210 000** |

2. Caiteachas riaracháin:
   - Tionólfaidh Sainghrúpa Daoine Teagmhála CED cruinnithe tráthrialta, agus beidh beirt chomhaltaí i láthair ó gach Ballstát. Ar bhonn na taithí a fuarthas ó chruinnithe fíorúla, agus i gcomhréir le huaillmhianta an Choimisiúin lorg comhshaoil a chuid gníomhaíochtaí a laghdú, eagrófar cruinniú fíorúil amháin agus cruinniú amháin ar an láthair in 2026.
   - Chun líonrú a chur chun cinn i measc na mBallstát, eagróidh an Coimisiún seimineár amháin ina mbeidh comhlachtaí cur chun feidhme CED agus comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach.

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj.

- Gníomhaíochtaí faisnéise: láithreacht ar líne CED[2], a bhunaigh an Coimisiún ina réimse Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsithe, agus atá á cothabháil aige mar a cheanglaítear faoi Airteagal 12(2) de Rialachán CED, déanfar í a nuashonrú agus a leathnú go tráthrialta, agus aistreofar gach eilimint nua go teangacha uile an Aontais. Déanfar an fheasacht ghinearálta faoi CED a mhéadú agus cuirfear a infheictheacht chun cinn. Cumhdófar CED i bhfoilseacháin éagsúla de chuid an Choimisiúin agus i ngníomhaíochtaí closamhairc dá bhforáiltear in Airteagal 11(1) de Rialachán CED.
- Cuimseofar sna gníomhaíochtaí uile thuas feasacht a mhúscailt i measc na mBallstát, na gcomhpháirtithe sóisialta agus na bhfiontar maidir leis an gcomhaontú polaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air an 25 Feabhra 2026 maidir le togra ón gCoimisiún chun Rialachán CED a leasú[3]. D'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an leasú ar Rialachán CED an 20 Bealtaine 2026 agus áirítear leis go háirithe an fhéidearthacht tacaíocht a thabhairt freisin d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i gcuideachta atá á hathstruchtúrú. Leis sin, is fearr a ullmhófar iad chun aistriú gairme a chur i gcrích laistigh de thréimhse ama níos giorra, agus éascófar a n-athrú róil nó gairme.

3. Caiteachas teicniúil:

- Córas um malartú sonraí leictreonacha a chothabháil agus a nuashonrú. Tá an Coimisiún ag leanúint dá chuid oibre ar nósanna imeachta caighdeánaithe maidir le hiarratais ar CED agus bainistíocht CED, agus úsáid á baint aige as feidhmiúlachtaí an Chórais Choitinn um Bainistíocht Cistí Comhroinnte. A bhuí leis sin, táthar in ann iarratais faoi Rialachán CED a shimpliú, an phróiseáil a bhaineann leo a luathú agus tuarascálacha éagsúla a bhaint astu ar bhonn níos fusa. Éascaítear oibríochtaí airgeadais CED trí bhíthin chomhéadan an Chórais Choitinn um Bainistíocht Cistí Comhroinnte freisin. Leis an méid seo áirítear go háirithe:
  - Cothabháil Chóras Choiteann 2014 um Bainistíocht Cistí Comhroinnte chun cásanna a dhúnadh le haghaidh CED 2014-2020.
  - Córas Coiteann 2021 um Bainistíocht Cistí Comhroinnte le haghaidh CED 2021-2027 a fhorbairt agus a chothabháil a thuilleadh, lena n-áirítear forbairt agus cothabháil i bhfianaise an chomhaontaithe pholaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air an 25 Feabhra 2026 maidir le togra ón gCoimisiún chun Rialachán CED a leasú, agus a shioncrónú le SUMMA; is é sin córas nua cuntasaíochta corparáidí, airgeadais agus buiséadaithe an Aontais Eorpaigh.
- Faireachán agus bailiú sonraí: baileoidh an Coimisiún sonraí maidir le hiarratais a fuarthas, a íocadh agus a foirceannadh, agus maidir le bearta atá beartaithe agus curtha chun feidhme. Cuirfear na sonraí sin ar fáil ar an suíomh gréasáin agus tiomsófar iad i bhfoirm iomchuí le haghaidh tuarascálacha débhliantúla a bheidh ann amach anseo.

---

2 http://ec.europa.eu/egf

3 Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu, COM(2025) 140 final, 1.4.2025.

**Maoiniú**

4. Is é EUR 30 milliún i bpraghsanna 2018 an t-uasbhuiséad bliantúil atá ar fáil le haghaidh CED in 2026 (EUR 35 149 782 i bpraghsanna 2026), mar a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[4] arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765[5] ón gComhairle, agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/691.

5. Luaitear in Airteagal 11(1) de Rialachán CED gur féidir 1,5 % den mhéid sin a chur ar fáil le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún. Faoi láthair, tá an méid iomlán le haghaidh 2026 ar fáil go fóill; ní dhearnadh aon chuid de a shannadh don chúnamh teicniúil go fóill. Comhfhreagraíonn an méid atá beartaithe do 0,60 % den uasbhuiséad bliantúil atá ar fáil le haghaidh CED in 2026.

6. An cinneadh atá beartaithe maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh sin, mar a leagtar síos in Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de Rialachán CED agus i bpointe 9 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[6].

**Gníomhartha gaolmhara**

7. An tráth céanna a thíolacfaidh an Coimisiún an togra seo le haghaidh cinneadh chun CED a shlógadh, déanfaidh sé togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le haghaidh méid EUR 210 000 a aistriú chuig an líne bhuiséadach ábhartha.

**Foinse leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**

8. Úsáidfear leithreasuithe as líne bhuiséadach CED chun an méid is gá le haghaidh cúnamh teicniúil, is é sin EUR 210 000, a chumhdach.

---

4 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.

5 IO L 2024/765, 29.2.2024, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj.

6 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

2026/0126 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh ar thionscnamh ón gCoimisiún (CED/2026/000 CT 2026 - Cúnamh teicniúil)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[7], agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[8], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúraithe, agus cúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar fhostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093[9] ón gComhairle agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/691.

(3) Foráiltear le Rialachán (AE) 2021/691 go bhféadfar uasmhéid 1,5 % d'uasmhéid bliantúil CED a úsáid gach bliain le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

(4) Tá an cúnamh sin riachtanach chun oibleagáidí i dtaobh chur chun feidhme CED a chomhlíonadh, mar a fhoráiltear le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/691, go háirithe maidir le faireachán agus bailiú sonraí chomh maith le gníomhaíochtaí cumarsáide agus na gníomhaíochtaí sin lena bhfeabhsaítear infheictheacht CED.

---

7 IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj.

8 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

9 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

(5) Ba cheart CED a shlógadh, dá bhrí sin, chun ranníocaíocht airgeadais EUR 210 000 a sholáthar le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2026, slógfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha chun méid EUR 210 000 a sholáthar ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*